# POLASAÍ I LEITH NA GAELSCOLAÍOCHTA - MOLTAÍ GAELOILIÚINT

Le cúig bliana anuas tá GAELOILIÚINT ag plé leis an Rialtas agus leis an Roinn Oideachais faoi chás na scoileanna s'againn. D'éirigh linn i rith an ama sin méid áirithe a bhaint amach. Tá an Roinn anois ag glacadh na scolaíochta gaelaí rud beag níos dáiríre, tá aitheantas tugtha don mheánscolaíocht trí Ghaeilge, aithnítear anois fosta go bhfuil riachtanais ar leith ar na scoileanna s'againn i dtaca le scrúduithe, le curaclam, le soláthar múinteoirí srl.

Os a choinne sin, ní fhaighimid de ghnáth de fhreagra ó na Státseirbhísigh atá ag plé leis an phobal Ghaeilge ach go gcaithfidh an polasaí bheith athraithe, go bhfuil siadsan ceangailte ag rialacha a bhaineann leis an phobal Bhéarla, rud nach bhfuil ar dhóigh ar bith cothrom i dtaca le cúrsaí mionlaigh. "Ní féidir linne an polasaí a athrú," a deir siad, "caithfidh sibh stocaireacht a dhéanamh agus iarraidh ar na polaiteoirí cuidiú libh".

Tá sé scanallach :
*go raibh ar Bhunscoil an Iúir fanacht naoi mbliana sula raibh aon iomrá ar chuidiú stáit;

*gurbh éigean do Mheánscoil Feirste toiseacht ar a cúigiú bliain sular tháinig aon eolas cinnte faoi airgeadú le cuidiú léi maireachtáil, faoi scrúduithe gnáthleibhéil i nGaeilge dá daltaí srl;

*go raibh bunscoileanna i mBéal Feirste a raibh na riachtanais inmharthana agus critéir na Roinne bainte amach acu do Mhéan Fómhair ach gurbh éigean dóibh fanacht bliain bhreise sula bhfuair siad aitheantas;

*go bhfuil Meánscoil Dhoire ar a dícheall le cearta a bhaint amach do pháistí i gcathair Dhoire a fhaigheann bunscolaíocht trí Ghaeilge agus go bhfuil an Roinn ag doicheall go hiomlán rompu, á rá nach mbeidh Meánscoil neamhspleách choíche i nDoire Cholm Cille, agus go mbeadh céad páiste de dhíth gach bliain;

*go bhfuil scoileanna beaga tuaithe ar nós Bhunscoil Luraigh i Machaire Ratha, Bhunscoil Uí Néill in Oileán an Ghuail, Bhunscoil Dhál Riada i nDún Lathaí atá ag déanamh éachtaí don chultúr faoin tuath ach nach mbíonn de rogha acu ach bogadh isteach mar aonad i scoil Bhéarla nach mbíonn go minic aon aird ag an phríomhoide ná ag an Bhord Gobharnóirí ann ar an Ghaeilge ach ar a gcuid uimhreacha féin bheith ag titim. Is eol dúinn na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le haonaid Ghaeilge a fheidhmiú go héifeachtach.

Tá briseadh síos ar chostais agus ar dhálaí na naíscolaíochta atá i ngach ceantar in Aguisín 1. Táthar ag déanamh neamhaird iomlán ar an tsárobair iontu sin.

**An scéal mar atá**
Tá Státseirbhísigh an Roinn Oideachais anseo chomh dáigh agus a bhí siad riamh faoin Ghaeilge agus doicheallach i dtólamh roimpi mar chuid lárnach de scolaíocht na Sé Chontae fiú más é sin lántoil na dtuismitheoirí sa cheantar. Seo roinnt fíricí a léiríonn an tuairim sin:

- I ndiaidh ceithre bliana níor foilsíodh go fóill an chaipéis ar a dtugtar 'Athbhreithniú Polasaí i leith na Gaeilge' a thug Gaeloiliúint ar an Roinn a thiomsú agus ar chuir muid aighneacht láidir chuimsitheach chucu ina thaobh.

- Níor tugadh aitheantas go fóill do Gaeloiliúint mar an Chomhairle um Oideachas Lán-Ghaeilge, aitheantas atá níos mó ná tuillte aici.

- Níor glacadh leis go fóill gur scoileanna seachas naíonraí súgartha iad na naíscoileanna Gaeilge atá againn a leanann curaclam tomhaiste teanga agus tumoideachais.

- Táthar ag caitheamh go holc le scoileanna beaga tuaithe ar nós Bhunscoil an Iúir atá naoi mbliana anois gan mhaoiniú.

- Táthar go fóill ag iarraidh sruthanna a bhrú i gcás na hiarbhunscolaíochta Gaeilge aineoinn a laige agus a aithnítear an córas sin a bheith agus aineoinn a chothroime a chaitear le haitheantas iarbhunscoileanna Gaeilge ó dheas - maoinítear iarbhunscoil ón tús, is cuma a laghad í (Féach Aguisín 2, Staidéar comparáideach).

- Níl aon bhuiséad curtha ar fáil le haghaidh na teanga - rud atá riachtanach agus atá tugtha ag rialtas na Breataine don Ghàidhlig agus don Bhreatnais (Féach Aguisín 2).

- Ní léir go dtuigeann an Roinn Rideachais an coincheap fiú a bhaineann le cultúr eile ná le córas ar bith nach córas aonteangach Béarlach é - sin nó síleann siad go dtuigeann agus, de bhrí nach bhfuil smacht iomlán acu air, cuireann sé eagla orthu.

**Moltaí Gaeloiliúint**
Tugtar an aird agus an urraim chuí don Ghaelscolaíocht mar chóras fiúntach, ceannródaíoch, ailtéarnach ar léir óna chomharthaí sóirt agus óna thorthaí go n-oibríonn sé. Is féidir é sin a dhéanamh mar seo:

* an Gaeloideachas bheith aitheanta, trí reachtaíocht dhlíthiúil, a chuirfidh é ar comhchéim le cineálacha eile scolaíochta sa stát seo.

* foireann chuí forbartha lánmhaoinithe bheith ag Gaeloiliúint;

* an naíscolaíocht bheith aitheanta mar chuid dhlisteanach den chóras scolaíochta;

* síolmhaoiniú nó luathmhaoiniú bheith tugtha do na scoileanna Gaeilge uilig;

* an córas saitilíteach atá tosaithe a leathnú agus a éascú agus córas campais bheith ann idir na meánscoileanna;

* caitheamh go cothrom feasta le scoileanna tuaithe agus na critéir aitheantais bheith bunaithe ar bhonn réadúil daonra;

* an mheánscolaíocht Ghaeilge a aithint agus a chothú i scoileanna beaga saorscartha in aon cheantar nach bhfuil sí á soláthar do pháistí Gaelscoile;

* le comhar agus comhoibriú Gaeloiliúint cúrsaí oiliúna eile a bhunú, ar nós an chinn nua i gColáiste Mhuire, a thabharfadh Céim agus Teastas Teagaisc Gaelscolaíochta d'ábhair múinteoirí sa naíscolaíocht, sa bhunscolaíocht, sa mheánscolaíocht agus sa teicscolaiocht;

* leorbhuiséad bliantúil a chur ar fáil don Ghaeilge sna Sé Chontae a chlúdóidh riachtanais uilig an phobail: oideachas, meáin, gnó, siamsa, dlúthphobail, seirbhísí srl (Féach Aguisín 3, Gaelchearta).

**Conclúid**

Is cóir do na státseirbhísigh a thuigbheáil nach mbaineann an Ghaeilge le polaitíocht ná le creideamh níos mó na a bhaineann an Béarla ná an Ghàidhlig ná aon teanga lena leithéid. Nuair a fhorbraítear an scolaíocht trí Ghaeilge táthar ag cur le héagsúlacht, le féinmheas, le muinín, le saibhreas cultúrtha, le samhlaíocht chruthaitheach agus le cumas eacnamaíoch phobal an cheantair. Níl aon chruthúnas ann go ndéantar díobháil d'aon ghrúpa ná d'aon duine aonair tríd an scolaíocht Ghaeilge ach a mhalairt. Is é a chreidimidne gurb í an Ghaeilge agus an scolaíocht trí Ghaeilge ceann de na chéad naisc a cheanglóidh an pobal Protastúnach agus Caitliceach le chéile ar bhunús dáiríre aontaithe. Tá sé in am ag an rialtas anseo a aithint go bhfuil an Ghaeilge níos mó ná iad féin agus níos mó ná aon fhealsúnacht pholaitiúil, agus go gceanglódh sí dílseachtaí agus creidimh éagsúla le chéile ach seans cothrom bheith ag an phobal Phrotastúnach í a fhoghlaim. Ceileadh orthu í sna scoileanna go dtí anois. Ba bhocht an cás i laethe seo an mhuintearais mura dtapofaí an deis.

Tá sé deimhnithe ag na Náisiúin Aontaithe in Ailt 29, 30 agus 31 de Chairt na gCeart Daonna gur gné riachtanach dár gcearta é an cineál oideachais a fhaigheann ár bpáistí agus an dóigh a gcaitear leo ó thaobh cultúir de. Go dtí seo, tá Oifig Thuaisceart Éireann ag sárú a gceart ar an phobal ghaelach sna Sé Chontae.

Tá leatrom á imirt orainn agus fabhar á thabhairt do ghrúpaí eile mar gheall ar a gcreideamh nó a dteanga nó a ndearcadh polaitiúil. Narbh amhlaidh a bheidh feasta.